Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Eanáir 2019**
**(OR. en)**

**5603/19**

**ECOFIN 52**
**UEM 17**
**SOC 34**
**EMPL 27**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5096/19 |
| Ábhar: | Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh do 2019<br>– Conclúidí ó Chomhairle ECOFIN |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí ón gComhairle i ndáil leis an Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh 2019 a ghlac an Chomhairle (ECOFIN) ag an 3699ú cruinniú dá cuid, ar an 22 Eanáir 2019.

## TUARASCÁIL MAIDIR LEIS AN SÁSRA FOLÁIRIMH DO 2019

– Conclúidí ó Chomhairle ECOFIN –

Dearbhaíonn an Chomhairle (Ecofin) mar a leanas:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI an t-ochtú Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil ón gCoimisiún lena gcuirtear tús le babhta bliantúil eile de chur chun feidhme an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha (MIP) i gcomhthéacs Sheimeastar Eorpach na bliana 2019 (comhordú ar an mbeartas eacnamaíoch).

2. AONTAÍONN SÍ I gCOITINNE leis an anailís chothrománach a rinne an Coimisiún ar choigeartú na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha san Aontas agus sa limistéar euro. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil ceartú na míchothromaíochtaí reatha ar siúl i gcónaí anuas ar an leathnú eacnamaíoch. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an éiginnteacht mhéadaitheach a bhaineann leis an timpeallacht mhaicreacnamaíoch, agus an t-ionchas fáis meántéarmach, agus gurb ann fós do leochaileachtaí i dtaca le míchothromaíochtaí stoc, agus go bhfuil léargas treochtaí neamhinbhuanaithe nua ag teacht chun cinn i gcuid de na Ballstáit. CUIREANN SÍ I bhFÁTH nach mór leanúint den dul chun cinn atáthar a dhéanamh maidir leis an athchothromú seachtrach ar an ábhar go bhfuil míchothromaíochtaí móra sna stoic sheachtracha, gur de réir a chéile atá an coigeartú ag tarlú, agus gur lú an tacaíocht atá le fáil ó na dálaí costiomaíochais chun go ndéanfaí athchothromú a bheadh níos siméadraí. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an laghdú mór leanúnach atá ag teacht ar stoic mhóra fiachais phríobháidigh agus rialtais i gcaitheamh an ama ach go bhfuil an méid sin fós éagothrom agus nach dtarlóidh sé in éagmais an fháis ainmniúil a bheith ann an athuair. Tá earnáil na baincéireachta ag feabhsú ach tá leibhéil ísle brabúsachta, mar aon le líon mór d'fhiachais neamhthuillmheacha, fós i gcuid de na Ballstáit. Tá na margaí saothair ag bisiú ar fud an Aontais agus na míréireachtaí arda a bhí ann ag dul i laghad. Tá praghas na tithíochta agus costas an tsaothair ag géarú agus an chuma ar chúrsaí go bhfuil róbhorradh ag teacht faoin ngeilleagar i mBallstáit áirithe, agus líon na mBallstát sin ag méadú. COMHAONTAÍONN SÍ gurb inmholta gníomhú go stuama ó tharla nach fios go cinnte a bhfuil i ndán don gheilleagar agus gur beag spás atá ann chun an suaitheadh damáisteach a bhaineann le leochaileachtaí fiachais a iompar. CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór dlús a chur leis na hiarrachtaí athchóirithe atá ar bun ar mhaithe leis an acmhainneacht fáis a ardú d'fhonn dul i ngleic go hinbhuanaithe le míchothromaíochtaí agus baol na díghiarála a sheachaint lá na coise tinne.

3. COMHAONTAÍONN SÍ gur cheart do Bhallstáit a bhfuil easnaimh sa chuntas reatha nó fiacha seachtracha arda orthu iarracht sa bhreis a dhéanamh chun fiachas seachtrach a laghdú agus athchóirithe a shaothrú chun a n-iomaíochas a fheabhsú a thuilleadh, agus ag an am céanna gur cheart do Bhallstáit a bhfuil barrachais mhóra sa chuntas reatha acu na dálaí a neartú a thuilleadh chun fás pá a chur chun cinn agus an ról a bhíonn ag na comhpháirtithe sóisialta á urramú agus gur cheart dóibh tús áite a thabhairt do chur chun feidhme gach beart a chuirfidh an infheistíocht chun cinn, a thacóidh le héileamh intíre agus le hacmhainneacht fáis, agus an t-athchothromú a éascú ar an gcaoi sin.

4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an scagadh a rinneadh, de réir an léamha eacnamaíoch ar an scórchlár a thíolaic an Coimisiún sa Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh, inar sainaithníodh 13 Bhallstát nár mhiste tuilleadh anailíse a dhéanamh orthu de bhíthin grinn-athbhreithnithe (IDRanna). AITHNÍONN SÍ nach mór breis anailíse a dhéanamh, de bhíthin grinn-athbhreithnithe ar an méid a thit amach le déanaí sna haon Bhallstát déag ar sainaithníodh míchothromaíochtaí iontu anuraidh, lena mheas an bhfuil na míchothromaíochtaí leachtach, dianseasmhach nó géiritheach, agus cur chun feidhme beart ábhartha chun na míchothromaíochtaí a shárú á gcur san áireamh, lena n-áirítear na bearta sin a moladh i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go scrúdóidh an Coimisiún níos mine an chúis a d'fhéadfadh a bheith leis na míchothromaíochtaí a sainaithníodh in dhá cheann eile de na Ballstáit. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil leochaileachtaí i gcuid de na Ballstáit ach nach gá aon ghrinn-athbhreithniú a dhéanamh ag an staid seo; ní mór, áfach, súil ghéar a choinneáil ar a bhfuil ag tarlú ó thaobh líon na bhfoinsí féideartha nua sin, ba shiocair le rioscaí maicreacnamaíoch, a bheith ag méadú sna Ballstáit sin.

5. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór díriú sna grinn-athbhreithnithe ar na príomhdhúshláin agus na príomhrioscaí atá ag gach Ballstát, agus tuairisc a thabhairt ar a thromchúisí atá na dúshláin a shainaithnítear, ar éabhlóid na rioscaí, ar an bhfreagairt bheartais a tugadh, agus ar aon bhearnaí beartais chun gur féidir tosaíochtaí soiléire a thabhairt chun suntais agus gníomhú gasta a áirithiú. MEABHRAÍTEAR DI nach mór a thabhairt san áireamh, agus míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha á measúnú, na drochéifeachtaí iarmharta eacnamaíocha agus airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ag a leithéidí ar an limistéar euro agus ar an Aontas.

6. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur cheart leas iomlán a bhaint as an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, lena n-áirítear an nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha a fheidhmiú i gcás ina measann an Coimisiún agus an Chomhairle gurb iomchuí sin a dhéanamh; AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI AN ATHUAIR pé uair a thagann an Coimisiún ar an tátal go bhfuil míchothromaíochtaí iomarcacha i gceann de na Ballstáit, ach nach moltar don Chomhairle an nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha a chur chun gnímh, gur cheart dó na cúiseanna atá leis an gcinneadh sin a mhíniú go soiléir agus go poiblí.

7. IS DÍOL SÁSAIMH DI na hathbhreithnithe teicniúla a rinne an Coimisiún ar tháscairí cúntacha an Scórchláir. CUIREANN SÍ I bhFIOS nach mór leanúint ar aghaidh leis an obair theicniúil chun measúnú a dhéanamh ar a iomchuí atá an scórchlár agus chun foinsí nua rioscaí maicreacnamaíocha a luathbhrath, agus chun uirlisí agus creataí anailíse a fhorbairt agus a fheabhsú a thuilleadh d'fhonn measúnú a dhéanamh ar na forbairtí agus ar an spreagadh is cúis leis an méadú agus leis an leachtú atá ag tarlú i dtaca le míchothromaíochtaí gona n-éifeachtaí iarmharta.

8. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go ndéanfaidh an Coimisiún, i gcomhréir le Rialachán 1176/2011 maidir leis an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha, athbhreithniú agus tuairisciú ar chur chun feidhme an Nós Imeachta sin tráth nach déanaí ná mí na Nollag 2019, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún ról a thabhairt sa nós imeachta athbhreithniúcháin sin don Choiste um Beartas Eacnamaíoch agus aird chuí a thabhairt ar na moltaí a rinne Cúirt Iniúchóirí na hEorpa sa tuarascáil uaithi ar chur chun feidhme an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil trédhearcacht agus intuarthacht MIP tábhachtach, go háirithe ó thaobh na gcatagóirí míchothromaíochtaí atá ann cheana a choimeád, chun a áirithiú gurb iad na Ballstáit féin a bheidh i bhfeighil ar an nós imeachta, rud atá fíorthábhachtach freisin ó thaobh éifeachtacht an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha.

9. MEASANN SÍ go gcuidíonn an faireachán sonrach ar an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha sna Ballstáit sin inar sainaithníodh míchothromaíochtaí chun cur chun feidhme éifeachtach a áirithiú do na bearta sin darb aidhm aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, trí idirphlé beartais agus athbhreithnithe piaraí. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil sé tábhachtach cleachtais chobhsaí thrédhearcacha a choinneáil ar bun agus faireachán sonrach á chur chun feidhme.

10. IS DÍOL SÁSAIMH DI na tuarascálacha fócasaithe ón gCoimisiún ar fhaireachán sonrach ina bhfuil táblaí caighdeánacha lena ndéantar achoimre ar an measúnú ar chur chun feidhme athchóirithe. AONTAÍONN SÍ i gcoitinne leis an measúnú a chuir an Coimisiún ar fáil sna tuarascálacha ar fhaireachán sonrach, ar measúnú é a bhaineann le gníomhaíocht agus freagairtí a rinne na Ballstáit a raibh míchothromaíochtaí acu, i gcomhthéacs MIP, chun aghaidh a thabhairt ar pé bearnaí beartais atá fós ann. TUGANN SÍ DÁ hAIRE ar shliocht an mheasúnaithe ón gCoimisiún go bhfuil an ghníomhaíocht athchóiriúcháin sna Ballstáit míchothrom in ainneoin an fás fairsing eacnamaíoch atá ar siúl, agus CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR gur cheart do na Ballstáit an deis a thugann dálaí eacnamaíocha níos fearr dóibh a thapú chun tuilleadh athchóirithe a chur chun cinn ar mhaithe le leochaileachtaí a laghdú.

11. IARRANN SÍ AR an gCoimisiún obair leantach a dhéanamh ar na torthaí ar fhaireachán sonrach ar bhealach comhsheasmhach éifeachtach i dtaca leis an méid a bhaineann le cur chun feidhme MIP, agus IARRANN SÍ AR na Ballstáit aghaidh a thabhairt, ar bhealach uaillmhianach nithiúil, ar na bearnaí beartais arna sainaithint i gcomhthéacs faireacháin shonraigh chun go gceartófar míchothromaíochtaí díobhálacha.